# Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir



Nuachtlitir Feabhra 2025

SAN EAGRÁN SEO

Samhaltú Hiodrálach Lch 2
Imscrúduithe Talaimh Lch 3
Measúnachtaí Timpeallachta Lch 4
Na Chéad Chéimeanna Eile Lch 5

## An Scéal Is Déanaí

Seo an dara nuachtlitir déag ag Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir. Ar na nithe is mó a rinneadh ó bhí an ceann roimhe ann, cuireadh an tuairisc mionsamhlaithe hiodrálaice i gcrích agus imscrúdú talaimh breise.


# Samhaltú Hiodrálach

Tá obair shuntasach curtha i gcrích ar shamhaltú hiodrálach ríomhaire bunlíne. Baineadh úsáid as próifílí abhann a ndearnadh suirbhé orthu, breathnuithe, agus suirbhéanna CCTV Tóchair leis an samhaltú a thógáil.

D'aithin torthaí an tsamhaltaithe na réadmhaoine sin sa scéim a bheadh i mbaol tuilte le linn rití íogaireachta, rití deartha, agus rití athrú aeráide. Ó cruthaíodh an samhaltú bunlíne, is féidir le Arcadis, arna choimisiúnú ag Ayesa, anois éifeachtacht bearta maolaithe tuilte a mheas. Beidh na torthaí seo mar chuid den mheasúnú ar roghanna don scéim chun cinneadh a dhéanamh ar an rogha scéime is fearr.

Nuashonraíodh an Tuairisc Hiodrálach ghaolmhar i gcomhar le hathruithe ar an tsamhaltú le linn rití calabraithe le heachtraí tuilte stairiúla a léiriú.

Tá clár oibre á ullmhú ag Ayesa agus Arcadis do cheardlann hiodrálach leis an dóigh ar tógadh ritheadh na rití samhaltaithe, conair sreafa dá bharr, agus na cealla tuilte a sainaithníodh a léiriú.




Sruthchúrsaí Samhaltaithe – mír ón Tuairisc Samhaltaithe Hiodrálaí

# Imscrúduithe Talaimh

Rinne an fhoireann tionscadail scóip agus cáipéisí soláthair an Imscrúdaithe Talaimh (GI) a fheabhsú. Ullmhóidh agus déanfaidh speisialtóirí Measúnacht Tionchair Seandálaíochta (AIA) agus scagadh Measúnaithe Cuí (AA) chun éifeachtaí diúltacha féideartha ó na himscrúduithe ar a dtimpeallacht máguaird a mhaolú. Nuair a bheidh measúnachtaí AIA agus AA réidh, cuirfear na tuairiscí san áireamh i bpacáiste tairisceana an Imscrúdaithe Talaimh mar eolas.

Áiríonn scóip an chonartha pollta trialach, claiseanna caola, poill tóraíochta le cnagchuisle cábla, agus croídhruileáil rothlach. Déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Oifig na nOibreacha Poiblí athbhreithniú air sula bhfógrófar é ar an mhargadh.

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Cuireadh conradh maidir le suirbhé ar speicis ionracha i gcrích in 2024. D'fhorbair an fhoireann tionscadail cáipéis rianaithe suirbhé, lena n-áirítear na tréimhsí ama riachtanacha don tséasúr suirbhéireachta. Tá suirbhéanna ar an láthair ar siúl faoi láthair le breathnóireacht a dhéanamh ar phróisis chóireála IAS maidir le Glúineach Bhiorach agus Balsam Himiléach. Forbróidh an fhoireann Tionscadail conradh cóireála IAS eile nuair is gá

## Réitigh Bunaithe ar Nádúr (NbS)

Is ionann Réitigh Bunaithe ar Nádúr agus "réitigh a spreagtar ag an nádúr a thacaíonn leo, atá cost-éifeachtúil agus an am chéanna a chuireann buntáistí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíocha ar fáil agus a chuidíonn le forbairt acmhainneachta" (An Coimisiún Eorpach, 2023).

Rinneadh nuashonrú ar mhapáil amh an dobharcheantair, agus tá thuairisc á nuashonrú mar mheasúnacht féidearthachta ar chur i bhfeidhm cineálacha áirithe de Réitigh Bunaithe ar Nádúr (NbS) leis an baol tuilte a laghdú taobh istigh de limistéar na scéime.

Áirítear an méid seo a leanas sna samplaí ar leith de Réitigh Bunaithe ar Nádúr (NbS):

- Dobharcheantar/ Tuilemhá/Coillearnacha Bruachánacha
- Bogaigh nach tuilemhánna iad
- Gaistí dríodair thar tír
- Athchóiriú bhruach abhann
- Struchtúir nádúrtha ionsrutha

Rachaidh bearta inmharthana ar aghaidh le haghaidh tuilleadh anailíse agus féadfar iad a chomhtháthú i ndearadh deiridh na scéime.

# Roghnúchán

Tá Ayesa agus Arcadis ag forbairt réamhthuairisc ar roghanna do Bhaile Féich le gach beart cosanta tuilte féideartha don scéim a mheas go hiomlán agus le bearta nach bhfuil inmharthana a scagadh amach, de réir measúnaithe cúramach de réir torthaí Shamhaltú Hiodrálach, Réitigh Bhunaithe ar Nádúr (NbS), agus torthaí suirbhé ar shócmhainní cosanta.
Is gníomh aonair atá pleanáilte é beart le dul i ngleic leis an bhaol tuilte, agus forbrófar meascán de bhearta inmharthana mar roghanna don scéim. Cuirfear na roghanna seo i láthair an phobail a luaithe a bheidh siad ar fáil

Tá scagadh agus measúnú ar na bearta ar siúl faoi láthair, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- Riachtanais Theicniúla
- Riachtanais Timpeallachta
  - Éiceolaíoch
  - Oidhreacht Chultúrtha
  - Tírdhreach
- Riachtanais Shóisialta
- Riachtanais Eacnamaíocha

Tabharfar an measúnú chun cinn go dtí céim ardleibhéil, agus eagrófar cruinnithe breise leis an phobal ansin leis na bearta inmharthana agus an rogha atá ag teacht chun cinn a phlé.



# Na Chéad Chéimeanna Eile

Sna míonna atá romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar:

- **Conradh um Imscrúduithe Talaimh**
- **Measúnacht agus Forbairt Roghnúcháin**
- **Ceardlann Hiodrálaice**

## Déan Teagmháil Linn

Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir, tig sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

### Rphost

Ballybofey-StranorlarFRS@Ayesa.com

### Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir

Ayesa
Building 2100

Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile Corcaigh

### Fón

+353 (0) 21 240 7988

Más mian leat aon eolas eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an tsuíomh gréasáin s'againn:

www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/